INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO
MEASÚNÚ FAOI THEASTAIS GHAEILGE

OIRIÚNÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAEILGE
EARRACH, 2017

An Triail Scríofa - 100 MARC

Trí huaire an chloig don pháipéar seo (10.00 – 1.00).
Freagair cúig cheist.

ROINN A

SCRÍBHNEOIREACHT FHEIDHMIÚIL

Freagair Ceist 1 nó Ceist 2

1. Scríobh litir (380-400 focal ar a laghad):
Mar an Príomhoide ar do scoil, scríobh litir chuig Bainisteoir an Bhainc i do cheantar ag lorg airgid chun leabharlann nua a oscailt sa scoil agus leabhair nua a cheannach.

2. Scríobh litir (380-400 focal ar a laghad):
Mar an múinteoir i do scoil atá i gceannas ar chúrsaí drámaíochta, scríobh litir chuig an Aire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta, An Bóthar Nua, Cill Airne, Contae Chiarraí ag tacú le hiarratas atá déanta ag an gCumann Drámaíochta i do cheantar amharclann nua a thógáil.

(30 marc)

ROINN B

AISTRIÚCHÁIN

Freagair Ceist 3 agus Ceist 4

3. Aistrigh go Gaeilge:-

(a) On you go, Eoghan but stay out of the pool of water.
(b) Clean your shoes, children. They're dirty.
(c) Who owns these gloves?
(d) Show me your copybook, Peadar.
(e) Seán! Put all that rubbish in the rubbish bin.
(f) Do you have a pain somewhere, Síle?
(g) Keep a hold on that ball, Caoimhín.

(h) Don't do that, boys!
(i) That God may bring you home safely, children.
(j) I will see you tomorrow, Ciarán.

(15 mharc)

4. Aistrigh go Gaeilge:-

Principal: I'm sorry, Pól. I hope I'm not interrupting you.
Teacher: You're alright, Máire. Come in. You're welcome.
Principal: I would like to speak to your class about the visit of the Minister to the school.
Teacher: Isn't it great that he's coming to us!
Principal: It is a great honour for the school but we have a lot of work to do to prepare for the visit.
Teacher: Can we do anything to help?
Principal: I think some new Art beside the front door would be very nice.
Teacher: We're doing Art tomorrow morning, children, aren't we?
Principal: That's great. I'll drop in again tomorrow so before lunch time to see it.
Teacher: We'll be ready! We hope you'll like it.

(20 marc)

ROINN C

GRAMADACH
Freagair Ceist 5

5. Scríobh na freagraí i do fhreagarleabhar:-

An Briathar:

1. A Áine agus a Chaitlín! (Cuir) _____ na leabhair ar na seilfeanna.
2. A Dhaithí! Ná (ith) _____ na ceapairí go dtí am lóin.
3. Níor (bailigh) _____ Cathal an litir inné.
4. Ní (dún: siad) _____ an siopa sin ag am lóin gach lá.
5. Ar (clois: tú) _____ an Nuacht ar an raidió aréir?
6. (Bácáil: sí) _____ pióg, dá mbeadh cuairteoirí ag teacht chuici.
7. An (déan: tú) _____ coinne leis an dochtúir amárach?
8. Nach (feic: sé) _____ *Dancing With The Stars* aréir?
9. (Críochnaigh: sí) _____ ar a cúig a chlog gach lá.
10. Dá mbeadh spéis aici sa chúrsa, (cláraigh: sí) _____ dó.
11. (Glan: mé) _____ an seomra suite amárach.
12. (Aimsigh) _____ an ticéad a cailleadh inné.
13. (Abair) _____ go mbíonn cácaí deasa ar fáil sa siopa sin i gcónaí.
14. Deir Cian (dúisíonn)_____ sé ar a seacht gach lá.
15. Dúirt na buachaillí (ní fhaca) _____ siad na cailíní inné.
16. Dúirt Síle (rachaidh) _____ sí abhaile ar an mbus amárach.
17. Tá sé sin (abair) _____ aici arís agus arís eile.
18. Tá na huibheacha Cásca go léir (aimsigh) _____ ag na páistí.
19. Dá (múch: sinn) _____ ár ríomhairí, bheadh níos mó ama againn.
20. Má itheann sibh bhur ndinnéar, ní (bí) _____ ocras oraibh níos déanaí.

An Chopail:

21. Ní (ceoltóir) _____ é Naoise.
22. Nach (iad) _____ Máire agus Pól úinéirí an tí sin?
23. Ar (mhúinteoir) _____ í do mháthair?
24. Ba (é) _____ Mícheál Príomhoide na scoile sin.

An tAinmfhocal

25. Tá an (éan [fir.])_____ ag canadh go binn.
26. Tá an (aiste [bain.]) _____ sin ar fheabhas.
27. A Mháire, tá do leabhar ar an (bord) _____.
28. Thug an Príomhoide nótaí do na (páistí) _____.
29. Scríobh mé m'ainm ar chlúdach (an cóipleabhar) _____.
30. Tá an bus ag feitheamh ag geata (an scoil)_____.
31. Bhí foireann (na buachaillí) _____ go hiontach inné.
32. Tá Áine ag crochadh (na pictiúir) _____.

An Aidiacht

33. Is é seo an bláth (is: deas) _____.
34. Tá Colm (níos: beag) _____ ná Fiontán.

An Aidiacht Shealbhach

35. Ní raibh mé ag caint (le: do: máthair) _____ inné.
36. An bhfuil (bhur: obair bhaile) _____ déanta agaibh?

An Forainm Réamhfhoclach

37. A Shíle, tá an-mhuinín ar fad agam (as: tú) _____.
38. Ar tháinig an cigire ar cuairt (chuig: tú) _____ go fóill?

Suas, Thuas, Anuas; Síos, Thíos, Aníos

39. A Sheáin! Tá mo leabhar rolla thíos san oifig. An rachaidh tú _____ chun é a fháil?

Isteach, Istigh; Amach, Amuigh

40. Tá sé ag cur báistí. Ní rachaidh na páistí _____ inniu.

Uimhreacha

41. Scríobh i bhfocail: Rang 4: _____.
42. Tá (8 úll) _____ sa mhála.
43. Tá m'iníon sa Dara (Bliain) _____ sa mheánscoil.
44. Beidh beirt (ceoltóir) _____ ag teacht níos déanaí.

Gramadach an Bhriathair

45. Scríobh an aimsir chaite, an fhoirm dhiúltach, an chéad phearsa iolra den bhriathar 'bain'.

_____.

46. Scríobh an aimsir láithreach, an fhoirm dhearfach, an chéad phearsa uatha den bhriathar 'ceistigh'.

_____.

47. Scríobh an t-ainm briathartha den bhriathar 'faigh'.

_____.

48. I dtéarmaí gramadaí, mínigh 'inseoimid'.

_____.

49. I dtéarmaí gramadaí, mínigh 'ghlan siad'.

_____.

50. I dtéarmaí gramadaí, mínigh 'beirtear'.

_____.

(25 marc)

ROINN D

LÉAMHTHUISCINT
Freagair Ceist 6 nó Ceist 7

6. Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair i d'fhocail féin na ceisteanna a ghabhann leis:-

Sliocht, atá curtha in oiriúint, as *Dialann Deoraí*, le Dónall Mac Amhlaigh, An Clóchomhar Teoranta, 1960, 1-2.

Mo mháthair a chonaic an fógra sa pháipéar: "Stokers wanted. Live in. Apply Matron, Harborough Road Hospital, Northampton."

"Ba cheart duit é a thriail," ar sise, "nó tá mé cinnte gurb é Dia a chuir i do bhealach é."

Bhí mé díomhaoin ó d'fhág mé an tArm trí mhí roimhe sin, agus ó bhí mé le dul anonn ar aon nós nárbh fhearr dom an deis seo a ghlacadh ná bheith ag dul ann sa seans agus bheith ag imeacht thart ag tóraíocht lóistín nuair a landálfainn thall? Scríobh mé an litir agus chuir mé chun bealaigh í…bhí freagra faighte agam taobh istigh de chúpla lá.

Ní túisce a bhí an post faighte agam ná tháinig cumha ar an mbeirt againn ag smaoineamh go mbeinn ag fágáil an bhaile le dul ar an gcoigríoch. Bhí mo mháthair is mé féin an-mhór le chéile riamh agus, tar éis go raibh a fhios againn go gcaithfinn imeacht luath nó mall, ghoill sé ar an mbeirt againn anois. Ghlaoigh mo mháthair isteach ón tsráid ar dhuine de na páistí a bhí ag súgradh thart agus chuir sí síos chuig an siopa í faoi choinne cáca mhilis le go mbeadh fleá againn in onóir na hócáide. Nuair a rug sí ar an bpota, ag dul ag déanamh an tae, chonaic mé go raibh deoir faoina súil.

Bhí go leor dintiúr beag le socrú agam ansin... B'éigean dom dul agus pictiúr a fháil don phas agus foirmeacha a líonadh in áras na ngardaí le cárta aitheantais a fháil. Nuair a bhí an méid sin déanta, agus litir curtha ar ais chuig an mátrún agam, shocraigh mé síos ag fanacht leis an lá mór. Bheadh moill coicíse orm.

D'airigh mé an-uaigneach i gcaitheamh an ama sin. Bhí an garraí rómhartha agam, ach bhí sé ró-luath sa bhliain le haon rud a chur.

Mar sin…ní raibh aon ní le déanamh agam ach bheith ag imeacht thart i mo rogha áit. Agus go deimhin is iomaí áit arbh fhiú duit dul an tráth sin den bhliain i gcontae mhéith Chill Choinnigh agus an tEarrach ina thús…

An lá i ndiaidh dom an scéal a fháil ón ospidéal…bhuail mé amach bóthar Bhaile Challainn in éineacht le Mick Hogan. Bhí an tráthnóna go breá agus bhí mada beag Mhicil agus Toppy seo againne thar a bheith sásta leo féin ag rith amach romhainn…Nuair a bhí imeall na cathrach fágtha inár ndiaidh againn bhí amharc breá againn ar thoirt mhaorga Shliabh na mBan, agus ó dheas uainn Stuagh Laighean agus na Staighrí Dubha faoi fhallaing álainn ghlasghorm.

Buntuiscint:

1. Cé a mhol don údar cur isteach ar an bpost san ospidéal?
2. Cá fhad a thóg sé ar an ospidéal teacht ar ais chuig an údar le nuacht faoin bpost?
3. Cé na rudaí a bhí le déanamh ag an údar nuair a fuair sé an post?

Tuiscint liteartha:

1. Cén ceiliúradh a d'eagraigh máthair an údair dá mac?
2. Cén fhianaise atá sa sliocht go raibh máthair an údair uaigneach nuair a fuair sí amach go mbeadh a mac ag dul go Sasana?

(10 marc)

7. Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair i d'fhocail féin na ceisteanna a ghabhann leis:-

Sliocht atá curtha in oiriúint as *An Geall: Úrscéal d'Fhoghlaimeoirí*, le Liam Mac Uistín, Cló Iar-Chonnacht Teoranta, 2003, 16-18.

Stán an fáilteoir go fiosrach ar Cholm nuair a shiúil sé isteach in oifigí an aturnae. Bhí aithne aici air. Ógfhear saibhir a raibh cáil an drabhlásaí air a bhí ann. Bhí dreach ar a aghaidh anois nár chuimhin léi a fheiceáil riamh cheana.

Dúradh léi Colm a sheoladh díreach chuig Tomás de Paor, príomhpháirtí an ghnólachta, aon uair a bhuailfeadh an fear óg isteach. Threoraigh sí láithreach é go dtí seomra an aturnae.

D'éirigh an Paorach ina sheasamh a luaithe a tháinig Colm isteach.

'Fáilte romhat, a Mhic Uí Shé!' a dúirt sé go croíúil. Chroith sé lámh le duine de na cliaint ba shaibhre a bhí aige agus chuir sé ina shuí é i gcathaoir shócúlach. Shín sé bosca todóg chuige. Chroith Colm a cheann.

'An ólfaidh tú deoch?' a d'fhiafraigh an t-aturnae.

'Ní ólfaidh, go raibh maith agat. Tá gnó práinneach le plé agam leat.'

'Má bhaineann sé le do chuid scaireanna tá áthas orm a rá leat go bhfuil ag éirí go sármhaith leo.'

'Nílim buartha fúthu sin,' a dúirt Colm. 'Teastaíonn uaim cumhacht aturnae a thabhairt duit.'

'Cumhacht aturnae!' Stán an Paorach air le hiontas.

'An dtuigeann tú céard atá i gceist leis sin?'

'Tuigim. Beidh tusa ábalta mo chuid seiceanna a shíniú agus mo ghnó airgeadais uile a láimhseáil go dtí go gcuirfidh mé an chumhacht sin ar ceal.'

'Sin é go díreach,' a dúirt an Paorach. 'Bheadh cúram do shaibhris go léir ormsa.'

'Táim cinnte go mbeidh tú ar fheabhas. Anois, an féidir liom an chumhacht aturnae sin a shíniú?'

D'ardaigh an Paorach an teileafón agus thug orduithe do chléireach éigin. Chuir sé an gléas ar ais agus stán sé go machnamhach ar Cholm.

'An bhfuil tú ag beartú dul thar lear?'

'Nílim,' a d'fhreagair Colm. 'Ach beidh athrú mór ar mo shaol as seo go ceann sé mhí. B'fhéidir go mbeinn i dteagmháil leat ó am go ham.'

Tháinig cléireach isteach le doiciméad. Chuir sé os comhair an Phaoraigh é agus d'imigh sé. Thaispeáin an Paorach an doiciméad do Cholm. Tar éis é a léamh chuir Colm a shíniú leis. Ansin d'éirigh sé agus thug aghaidh ar an doras. Lean an Paorach é.

'Cad a dhéanfaidh mé má bhíonn daoine ag cur do thuairisce?' a d'fhiafraigh sé.

'Abair leo nach bhfuil aon eolas agat fúm. Ní gá duit a bheith buartha faoi ghaolta mar níl aon cheann agam.'

Buntuiscint:

1. Cén treoir a bhí faighte ag an bhfáilteoir ón aturnae maidir le Colm?
2. Cén fáth nár ghlac Colm le deoch ón aturnae?
3. Ag deireadh an tsleachta, céard a thugann Colm le fios faoina mhuintir?

Tuiscint liteartha:

1. Conas go bhfuil a fhios agat go raibh droch-chlú ar Cholm?
2. Cén fhianaise atá sa sliocht go bhfuil muinín ag Colm as an aturnae?

(10 marc)